AIGÉID & BUNANNA

FÍSCHEISTEANNA

1. Mínigh cad atá i gceist leis an scála pH.

2. Téann an scála pH ó 0 – 14.

Tabhair uimhir ar an scála pH a bheadh orthu seo a leanas:

(i) Substaint neodrach

(ii) Aigéad láidir

(iii) Aigéad lag

(iv) Bun láidir

(v) Bun lag

3. Mínigh cad é alcaile.

4. (i) Cad atá i gceist le neodrú maidir le haigéid agus bunanna?

(ii) Ainmnigh agus mínigh imoibriú ina dtarlaíonn neodrú ar aigéad nó ar bhun.

5. (i) Cad atá i gceist le táscaire?

(ii) Ainmnigh dhá tháscaire éagsúil.

(iii) Mínigh na hathraithe datha a thagann ar litmeas in aigéad agus i mbun.

(iv) Conas is féidir táscaire uilíoch agus táscaire cabáiste dearg a úsáid chun pH díreach substainte a ríomh?

(v) An dóigh leat go bhfuil táscaire uilíoch nó páipéar litmeas níos cruinne chun pH a aimsiú? Cen fáth?

6.Ainmnigh 10 substaint a rinne tusa tástáil orthu agus tabhair an pH a fuair tú mar thoradh ar do thástáil.

7. Ainmnigh an tsubstaint
i gcabáiste dearg a thugann an dath láidir dó.

FÉACH TUILLEADH AR
WWW.DBGMATA.IE